Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2024
(OR. en)

11235/1/24
REV 1

LIMITE

ELARG 89
FIN 574
BUDGET 42
JAI 1049
ASIM 59
MIGR 283

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 10745/24 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 06/2024 ón gCúirt Iniúchóirí dar teideal: An tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc: Tairbheach do dhídeanaithe agus do phobail óstacha, ach ní dhearnadh tionchar agus inbhuanaitheacht a áirithiú go fóill |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí thuasluaite ón gComhairle, mar a d’fhormheas an Chomhairle (Comhshaol) iad an 17 Meitheamh 2024.

PUBLIC

1. Meabhraíonn an Chomhairle gur cuireadh an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc ar bun mar fhreagra ar ghéarchéim gan fasach na ndídeanaithe a bhí os comhair an Aontais agus na Tuirce. Tá gealltanas tugtha ag an Aontas gona Bhallstáit cabhrú leis an Tuirc déileáil leis an dúshlán sin. Molann an Chomhairle na hiarrachtaí suntasacha atá déanta ag an Tuirc chun níos mó ná 4 mhilliún dídeanaí a óstáil agus aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá acu, agus is díol sásaimh di an t-idirphlé leanúnach idir an tAontas agus an Tuirc faoi chuimsiú an Ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc. I gcomhréir leis na conclúidí uaithi maidir le Méadú an 12 Nollaig 2023, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc a chur chun feidhme go hiomlán ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, agus gurb é an Ráiteas sin an príomhchreat i gcónaí don chomhar maidir leis an imirce.

2. Meabhraítear don Chomhairle go bhforáiltear leis an tSaoráid, a bhfuil EUR 6 bhilliún ar an iomlán á láimhseáil aici, do shásra comhpháirteach comhordúcháin agus go bhfuil sí ceaptha chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar riachtanais na ndídeanaithe agus na bpobal óstach sa Tuirc. Is iad an cúnamh daonnúil, an t-oideachas, an tsláinte, bonneagar bardasach agus tacaíocht shocheacnamaíoch na príomhréimsí tosaíochta atá ag an tSaoráid.

3. Gabhann an Chomhairle buíochas le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa as a Tuarascáil Speisialta, Uimh. 06/2024 a bhaineann leis an tSaoráid, agus tugann sí aird chuí ar na conclúidí agus na moltaí inti. Tugann an Chomhairle dá haire gurbh é cuspóir an iniúchta, lenar cumhdaíodh an tréimhse ó mhí na Nollag 2022 go mí Iúil 2023, a mheas ar thacaigh an tSaoráid leis na dídeanaithe agus na pobail óstacha sa Tuirc, ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus inbhuanaithe, ag díriú ar shnáitheith na forbartha i gcás na tacaíochta a cuireadh ar fáil. Tugann an Chomhairle dá haire go ndéantar obair leantach sa Tuarascáil Speisialta seo freisin ar na moltaí a rinne an Chúirt i dTuarascáil Speisialta Uimh. 27/2018, inar díríodh ar leagan amach na Saoráide agus ar shnáithe daonnúil an chistithe.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle i gcoitinne conclúid fhoriomlán na Cúirte gur cuireadh tacaíocht ábhartha ar fáil do dhídeanaithe agus do phobail óstacha i gcomhthéacs dúshlánach tríd an tSaoráid. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an tuairim gur chuir an Coimisiún feabhas ar fheidhmiú na Saoráide i gcomhréir le moltaí 2018 ón gCúirt, mar shampla, trí fheabhas a chur ar an measúnú ar riachtanais agus cur leis an gcreat faireacháin, ionstraimí maoinithe a chuíchóiriú, feabhas a chur ar chomhordú cabhrach, agus feabhas suntasach a chur ar éifeachtúlacht na dtionscadal cúnaimh airgid. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin an tábhacht straitéiseach a bhaineann le haistriú inbhuanaithe, d'fhonn úinéireacht mhéadaithe agus tiomantas leanúnach údaráis na Tuirce a bhaint amach, agus tugann sí dá haire iarrachtaí an Choimisiúin cúram na dtionscadal a thabhairt do na húdaráis. Tugann an Chomhairle dá haire freisin na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag gCoimisiún chun feabhas a chur ar an timpeallacht oibriúcháin d'eagraíochtaí neamhrialtasacha (idirnáisiúnta) agus meabhraíonn sí na freagrachtaí atá ar údaráis na Tuirce chun na críche sin.

5. Is díol sásaimh don Chomhairle gur mheas an Chúirt gur chuir an tSaoráid tacaíocht ábhartha ar fáil agus gur sholáthair sí na haschuir a bhí beartaithe, go háirithe i réimsí na sláinte agus an oideachais, cé gur measadh nach raibh an tacaíocht sa réimse socheacnamaíoch agus sa bhonneagar bardasach chomh forbartha céanna. Tugann an Chomhairle dá haire freisin an measúnú dearfach ón gCúirt gur fhreagair an Coimisiún go tapa agus go héifeachtúil tar éis na gcreathanna talún a bhí ann i mí Feabhra 2023, a raibh tionchar suntasach acu ar chur chun feidhme na dtionscadal a mhaoinítear leis an tSaoráid.

6. Tugann an Chomhairle dá haire gur mheas an Chúirt go bhfuil feabhas ag teastáil i dtaca le cúrsaí inbhuanaitheachta agus le tionchar na tacaíochta a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid a thomhas, go háirithe maidir leis an tacaíocht shocheacnamaíoch agus tionscadail shuaitheanta maidir le hoideachas agus sláinte. I ndáil leis an méid sin, tugann an Chomhairle dá haire na ceithre mholadh ón gCúirt don Choimisiún: feabhas a chur ar an measúnú agus ar an bhfaireachán a dhéantar ar na costais; moladh d'údaráis na Tuirce sonraí níos ábhartha a chur ar fáil maidir le hoideachas i gcás dídeanaithe agus pobail óstacha; tomhas ar thionchar na dtionscadal a fheabhsú; inbhuanaitheacht na dtionscadal a neartú.

PUBLIC

7. Tugann an Chomhairle dá haire na freagraí ón gCoimisiún atá i gceangal leis an Tuarascáil Speisialta lena n-áirítear gur ghlac an Coimisiún le trí cinn as ceithre mholadh, agus is díol sásaimh di go bhfuil an Coimisiún ag tabhairt aghaidh orthu cheana féin, go háirithe a mhéid a bhaineann le córais faireacháin agus saincheisteanna bainistithe sonraí, chomh maith le saincheisteanna sonracha a sainaithníodh sa Tuarascáil Speisialta i réimsí na sláinte agus an oideachais. Is díol sásaimh don Chomhairle gur ghlac an Coimisiún go páirteach leis an moladh maidir le tús a chur le plé leis na Ballstáit agus le húdaráis na Tuirce maidir le conas inbhuanaitheacht a áirithiú chun tionchar an chistithe ón tSaoráid ar thairbhithe a uasmhéadú. I ndáil leis an méid sin, aithníonn an Chomhairle nach faoin gCoimisiún atá cur chun feidhme iomlán an mholta sin.

8. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún í féin agus Coiste Stiúrtha na Saoráide a chur ar an eolas go tráthrialta maidir leis na saincheisteanna a tháinig chun solais sa Tuarascáil Speisialta ón gCúirt agus maidir le cur chun feidhme na moltaí réamhráite, agus a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar na saincheisteanna sin go córasach agus, a mhéid is féidir, go hiomlán. Gan dochar don phlé a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo maidir leis an tacaíocht bhreise do dhídeanaithe mar chuid de straitéis chomhleanúnach, éifeachtúil agus chuimsitheach tacaíochta do dhídeanaithe, molann an Chomhairle don Choimisiún, thairis sin, torthaí na tuarascála a léiriú ina chlársceidealú maidir leis an tacaíocht bhreise do dhídeanaithe sa Tuirc, go háirithe maidir le tionchar agus inbhuanaitheacht, agus sa phlé a bheidh aici le húdaráis na Tuirce, i gcomhréir le tacaíocht leanúnach an Aontais do dhídeanaithe ón tSiria sa Tuirc mar a chinn an Chomhairle Eorpach faoi chuimsiú an athbhreithnithe meántéarma ar Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 an 1 Feabhra 2024.

---



PUBLIC